# Vóta 21 Príosúin

# Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 21, ceanglaítear orm an Cuntas Leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an Cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le hiniúchadh.

De réir an cheanglais seo, tugaim tuairisc sa Chuntas a ghabhann leis seo ar an suim a caitheadh sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2011 ar na tuarastal agus costas de chuid na Seirbhíse Príosúin, agus costais eile maidir le príosúin, lena n-áirítear ionaid choinneála; le haghaidh seirbhísí promhaidh agus íocaíocht deontais-i-gcabhair.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna

a)suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2011, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain agus

b) arna soláthar ar mhaithe le seirbhísí caipitil a sholáthar in 2011, as leithreasaí neamhchaite a bhain le 2010, faoi na socruithe a bunaíodh le halt 91 den Acht Airgeadais 2004 maidir leis an tsuim a bheidh le tabhairt suas a iarchur.

Is cuid é den Chuntas seo an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta chomh maith leis na nótaí 1 go 6.

**Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta**

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta, maidir le Cuntais Leithreasa a tháirgeadh, chun feidhme agus an Cuntas á ullmhú seachas i gcás an mhéid seo a leanas:

***Talamh agus Foirgnimh***

Tá 14 príosún agus ionad coinneála faoi úinéireacht an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais, mar aon le maoin ag Páirc Bhéal Fhada agus Halla Thornton.

Rinneadh talamh a luacháil ag luach margaidh oscailte i rannán luachála Oifig na nOibreacha Poiblí i rith 2009. Rinneadh talamh ag Halla Thornton a luacháil ag an luach ceannaigh.

Tá an bunús maidir le foirgnimh príosúin a luacháil - meánchostas athsholáthair in aghaidh na cille - gan athrú. Déanfar athluacháil ar thalamh agus ar fhoirgnimh príosúin gach 5 bliana le cabhair ó Rannán luachála Oifig na nOibreacha Poiblí - is in 2014 a bheidh an chéad athluacháil pleanáilte eile ar siúl. Ní dhéantar foirgnimh a dhímheas sna blianta idir athmheasúnuithe, ar an mbonn gur leor caiteachas cothabhála leanúnach bliantúil lena mbail a chothabháil. Taobh amuigh de thalamh agus d'fhoirgnimh, déantar gach sócmhainn chaipitil eile a dhímheas de réir méid chothroim thar a saolré ionchais mheasta, ag tosú sa mhí inar cuireadh i bhfeidhm iad.

**Ráiteas faoin Rialú Inmheánach Airgeadais**

Mar aon leis an gCuntas, tá ráiteas san fhormáid chaighdeánach curtha isteach agam maidir leis an gcóras um rialú inmheánach airgeadais atá i bhfeidhm i Seirbhís Phríosúin.

**Brian Purcell**<br>
Oifigeach Cuntasaíochta<br>
An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais<br>
28 Márta 2012

# Deimhniú an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tá Cuntas Leithreasa an Vóta 21: Príosúin le haghaidh 2011 iniúchta agam faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an Cuntas de réir an Ráiteas ar Bheartais agus Phriosabail Chuntasaíochta. Tá dualgais an Oifigigh Chuntasaíochta agus an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste maidir leis na Cuntais Leithghabhála, agus bunús tuairime an iniúchta, leagtha amach i gCuid 1 den imleabhar seo.

Tá an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheas mé a bheith riachtanach chun críocha m'iniúchta faighte agam. Is é mo thuairim go raibh leabhair chearta chuntas coinnithe ag an í ndáil leis an Vóta ar na Priosúin. Tá an Cuntas Leithreasa ag teacht lena bhfuil sna leabhair chuntais.

Is é mo thuairim, go dtugann an Cuntas Leithreasa léargas ceart ar fháltais agus ar chaiteachas an Vóta don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2011.

**Seamus MacCártaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
28 Lúnasa 2012

# Vóta 21 Príosúin
# Cuntas Leithreasa 2011

| Seirbhís | | 2011 Soláthar Meastacháin | 2011 Toradh | 2010 Toradh |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| **Riarachán** | | | | |
| A.1. Tuarastail, pá agus liúntais | | 248,582 | 242,728 | 241,955 |
| A.2. Taisteal agus cothú | | 2,016 | 2,163 | 2,082 |
| A.3. Costais theagmhasacha | | 7,687 | 3,962 | 5,884 |
| A.4. Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | | 3,485 | 2,814 | 3,154 |
| A.5. Fearais oifige agus soláthairtí oifige eile agus Seirbhísí coibhneasacha | | 3,523 | 4,368 | 5,100 |
| A.6. Seirbhísí comhairleoireachta | | 90 | 60 | 66 |
| A.7. Athbhreithnithe ar an luach ar airgead agus ar pholasaithe | | 50 | — | — |
| **Seirbhísí Eile** | | | | |
| B. Foirgnimh agus trealamh | | | | |
| *Soláthar na blianareatha* | 44,052 | | | |
| *Forghéilleadh iarchurtha* | 2,000 | 46,052 | 47,181 | 30,486 |
| C. Seirbhísí Príosúin, s.rl. | | 32,407 | 40,086 | 41,336 |
| D. Roinn déantúsaíochta agus feirm | | 629 | 715 | 586 |
| E. Seirbhísí promhaidh - seirbhísí do chiontóirí | | 53 | — | 26 |
| F. Seirbhísí oideachais | | 1,265 | 1,240 | 1,457 |
| G. Cumann cúnaimh liachta na n-oifigeach príosúin (deontas-i-gcabhair) | | 121 | — | — |
| H. Cúiteamh | | 2,873 | 2,869 | 2,854 |
| I. Bearta míbhuntáiste sóisialta (cistí díomhaoine arna maoinú) | | 750 | 229 | 218 |
| **Ollchaiteachas** | | | | |
| *Soláthar na blianareatha* | 347,583 | | | |
| *Forghéilleadh iarchurtha* | 2,000 | | | |
| | | **349,583** | **348,415** | **335,204** |
| **Asbhain** | | | | |
| J. **Leithreasaí i gcabhair** | | **18,372** | **18,266** | **18,095** |
| **Glanchaiteachas** | | | | |
| *Soláthar na blianareatha* | 329,211 | | | |
| *Forghéilleadh iarchurtha* | 2,000 | | | |
| | | **331,211** | **330,149** | **317,109** |
| **Farasbarr don bhliain** | | | **€1,062,388** | **€17,622,088** |
| **Suim iarchurtha ón bhfarasbarr atá le tabhairt suas** | | | — | **€2,000,000** |
| **Farasbarr le tabhairt suas** | | | **€1,062,388** | **€15,622,088** |

## Nótaí don Chuntas Leithreasa

## 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2011

| | Nóta | | 2011 | 2010 |
|---|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| Caiteachas ar riarachán | | | 256,095 | 258,241 |
| Caiteachas ar sheirbhísí agus ar chláir | | | 92,320 | 76,963 |
| **Ollchaiteachas** | | | 348,415 | 335,204 |
| Bain de | | | | |
| **Leithreasaí i gcabhair** | | | 18,266 | 18,095 |
| **Glanchaiteachas** | | | 330,149 | 317,109 |
| | | | | |
| **Athruithe maidir le sócmhainní caipitil** | | | | |
| Airgead tirim um cheannachán | | (5,345) | | |
| Dímheas | | 4,947 | | |
| Airgead tirim um dhiúscairtí | | 29 | | |
| Brabús ar dhiúscairtí | | (20) | (389) | (10,212) |
| | | | | |
| **Athruithe maidir le sócmhainní atá á bhforbairt** | | | | |
| Íocaíochtaí in airgead tirim | | | (32,165) | (10,102) |
| | | | | |
| **Athruithe maidir le glansócmhainní reatha** | | | | |
| Méadú ar fhabhruithe deiridh | | 4,311 | | |
| Laghdú ar stoc | | 601 | | |
| | | | 4912 | 537 |
| **Caiteachas díreach** | | | 302,507 | 297,332 |
| | | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara | 1.1 | | 41,193 | 46,634 |
| **Costas oibriúcháin iomlán** | | | **343,700** | **343,966** |

### 1.1 Glanseirbhísí Gaolmhara

Tá glanchaiteachas na seirbhísí gaolmhara déanta suas de na méideanna measta seo a leanas maidir le Vóta 21 a tháinig ó áit eile

| Vóta | | 2011<br>€000 | 2010<br>€000 |
|---|---|---|---|
| 7 | Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | 39,740 | 43,794 |
| 10 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 94 | 1,448 |
| 19 | Dlí agus Ceart agus Comhionannas - an tIonad um Sheirbhísí Comhroinnte Airgeadais | 1,359 | 1,392 |
| | | **41,193** | **46,634** |

## 2 Clár Comhardaithe ag 31 Nollaig 2011

| | Nóta | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitil** | 2.1 | 773,068 | 755,263 |
| **Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt** | 2.2 | 30,439 | 15,690 |
| | | **803,507** | **770,953** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus Airgead Tirim | 2.3 | 9,616 | 8,688 |
| Stoic | 2.4 | 1,321 | 1,922 |
| Réamhíocaíochtaí | | 367 | 380 |
| Ioncam fabhraithe | | 130 | 310 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.5 | 1,490 | 1,578 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **12,924** | **12,878** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Costais fhabhraithe | | 7,776 | 3,658 |
| Iarmhéideanna creidmheasa eile | 2.6 | 11,044 | 10,244 |
| Glandliteanas don Státchiste | 2.7 | 62 | 22 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **18,882** | **13,924** |
| **Glandliteanais reatha** | | (5,958) | (1,046) |
| **Glansócmhainní** | | **797,549** | **769,907** |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas maoiniú Stáit** | | **797,549** | **769,907** |

## 2.1 Sócmhainní Caipitil

| | Talamh agus €000 | Trealamh oifige €000 | Troscán agus feistis €000 | Mótar fheithiclí €000 | Iomlán €000 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Ollsócmhainní** | | | | | |
| Costas nó luacháil ag 1 Eanáir 2011 | 742,258 | 70,678 | 765 | 8,748 | 822,449 |
| Breiseanna | 21,373 | 1,333 | 12 | 43 | 22,761 |
| Diúscairtí | — | (3,639) | (2) | (74) | (3,715) |
| Iarmhéid tosaigh ag 31 Nollaig 2011 | 763,631 | 68,372 | 775 | 8,717 | 841,495 |
| **Dímheas carntha** | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir 2011 | — | 61,285 | 573 | 5,328 | 67,186 |
| Dímheas don bhliain | — | 3,676 | 36 | 1,235 | 4,947 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | — | (3,630) | (2) | (74) | (3,706) |
| Dímheas carntha ag 31 Nollaig 2011 | — | 61,331 | 607 | 6,489 | 68,427 |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2011** | **763,631** | **7,041** | **168** | **2,228** | **773,068** |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2010** | **742,258** | **9,393** | **192** | **3,420** | **755,263** |

## 2.2 Sócmhainní caipitil á bhforbairt

| | Conarthaí Tógála 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|
| Méideanna tugtha ar aghaidh ag 1 Eanáir | 15,690 | 77,796 |
| Íocaíochtaí in airgead tirim don bhliain | 32,165 | 10,102 |
| Aistrithe go clár sócmhainne | (17,416) | (72,208) |
| Méideanna tugtha ar aghaidh ag 31 Nollaig | 30,439 | 15,690 |

## 2.3 Banc agus Airgead Tirim

| ag 31 Nollaig | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|
| Iarmhéideanna an Phámháistir Ghinearálta agus airgead tirim | 10,265 | 10,969 |
| Orduithe gan íoc | (649) | (2,281) |
| | 9,616 | 8,688 |

## 2.4 Stoic

| ag 31 Nollaig | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|
| Éide & éadach | 1,058 | 1,433 |
| Troscán & ábhar cothabhála | 141 | 206 |
| Bia | 17 | 18 |
| Ilghnéitheach | 105 | 265 |
| | 1,321 | 1,922 |

## 2.5 Iarmhéideanna Dochair Eile

| ag 31 Nollaig | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|
| Óinchistí | 728 | 727 |
| Míreanna eile dochair atá ar fionraí | 762 | 851 |
| | 1,490 | 1,578 |

## 2.6 Iarmhéideanna Creidmheasa Eile

| ag 31 Nollaig | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|
| **Suim atá dlite don Stát** | | |
| Cáin ioncaim | 5,682 | 4,053 |
| Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasta | 2,276 | 2,925 |
| Cáin Shiarchoinneálach | 168 | 287 |
| Cáin Bhreisluacha | 1,077 | 1,317 |
| Cáin Fhoirgníochta | 1 | — |
| Cáin asbhainte ó aisíocaíochtaí ranníocaíochtaí pinsin | 8 | 2 |
| Ranníocaíochtaí pinsin na foirne | 865 | 793 |
| | 10,077 | 9,377 |
| Asbhaintí den phárolla atá á gcoinneáil ar fionraí | 851 | 721 |
| Míreanna fionraí creidmheasa eile | 116 | 146 |
| | 11,044 | 10,244 |

## 2.7 Glandliteanas don Státchiste

| ag 31 Nollaig | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|
| Farrasbarr le tabhairt suas | 1,062 | 15,622 |
| Le tabhairt suas – Suim Iarchurtha | — | 2,000 |
| Farasbarr don bhliain | 1,062 | 17,622 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (1,000) | (17,600) |
| Glandliteanas don Státchiste | 62 | 22 |
| | | |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus Airgead Tirim | 9,616 | 8,688 |
| Iarmhéideanna dochair: ar fionraí | 1,490 | 1,578 |
| | 11,106 | 10,266 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (10,077) | (9,377) |
| Iarmhéideanna creidmheasa: ar fionraí | (967) | (867) |
| | (11,044) | (10,244) |
| | | |
| | 62 | 22 |

## 2.8 Ceangaltais

| **(a) Ceangaltais Domhanda** | **2011**<br>**€000** | **2010**<br>**€000** |
|---|---|---|
| Iomlán na gceangaltas infhorghníomhaith le dlí | 385 | 385 |

| **(b) Ceangaltais Chaipitil Ilbhliantúil** | **Caiteachas go 31 Nollaig 2010** | **Caiteachas in 2011** | **Blianta iartheachtacha** | **Costas iomlán** |
|---|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| Príosún an Láir Tíre | 1,511 | 14,477 | 12,754 | 28,742 |
| Muinseo agus Dóchas | 1,160 | 9,702 | 1,259 | 12,121 |
| Tionscadail eile | 1 | 3,588 | 410 | 3,999 |
| | 2,672 | 27,767 | 14,423 | 44,862 |

Léiríonn an figiúr do chaiteachas na mblianta ina dhiaidh sin tiomantais inar iontráladh i gconarthaí foirmiúla amhail 31 Nollaig 2010.

## 3 Éagsúlachtaí sa Chaiteachas

Tugtar míniú thíos maidir le gach fotheideal caiteachais a raibh an toradh a bhain leis os cionn €100,000 níos mó nó níos lú ná an tsuim a soláthraíodh, agus os cionn 5% amach ón tsuim a soláthraíodh (25% i gcás na bhfotheideal riaracháin).

| Fotheideal | Níos Lú/(níos mó) ná Soláthartha €000 | Míniúchán |
|---|---|---|
| A.3. | 3,725 | D'eascair an coigilteas san fhotheideal seo as caiteachas laghdaithe i gcostais oiliúna d'earcaigh nua mar gheall ar an moratóir ar an earcaíocht (toradh de €1.30m ó sholáthar de €1.50m). Ina theannta sin, mar gheall ar thabhairt isteach socraithe nua do cheisteanna éide, bhí an caiteachas i 2011 níba lú ná i mblianta eile roimhe seo (€0.99m ó sholáthar de €2.80m). Ghin bearta sábhála costais maidir le socruithe lónadóireachta foirne caiteachas laghdaithe i 2011 freisin. |
| A.4. | 671 | Tharla an choigilt de bharr éifeachtúlachtaí leanúnacha réalaithe trí mheán oibriúchán teileachumarsáide agus socrúchán conartha nua i ndáil le seirbhísí teileachumarsáide. |
| A.5. | (845) | Tharla an farasbarr de bharr breis tionscadal TFC ag tosú in 2011. San áireamh sna tionscadail seo bhí stóráil sonraí CCTV agus uasghráduithe bonneagair gaolmhara mar aon le córais oideachais/oibre agus oiliúna. |
| C. | (7,679) | D'eascair an farasbarr €7.679 milliún ón méadú a tháinig ar chostais reatha na bpríosún, lena n-áirítear fóntais cosúil le teas, solas agus breosla, mar aon le gnáthchostais eile cosúil le bia, éadach, agus costais chúraim sláinte. |
| G. | 121 | D'eascair an coigilteas ós rud é nach gcuirtear maoiniú ar fáil a thuilleadh do Chumann Árachais Sláinte na nOifigeach Príosúin. |
| I. | 521 | Tá uainiú an chaiteachais faoi thionscnaimh na gcuntas Díomhaoin deacair le meas toisc go mbraitheann sé ar ráta an dul chun cinn i dtionscadail mhaoinithe. |

## 4 Fáltais

| 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair | 2011 Measta €000 | 2011 Réadaithe €000 | 2010 Réadaithe €000 |
|---|---|---|---|
| 1. Fáltais ón Roinn Déantúsaíochta agus ón bhFeirm (lena n-áirítear táirgí a úsáidtear i bpríosúin) | 905 | 1,028 | 1,059 |
| 2. Ciste Sóisialta na hEorpa | 5 | — | — |
| 3. Fáltais ó dhíolachán maoine an Phríosúin | — | — | — |
| 4. Ilghnéitheach | 519 | 405 | 360 |
| 5. Fáltais na gCuntas Díomhaoin | 750 | 229 | 218 |
| 6. Fáltais as asbhaint a bhaineann le pinsin as luach saothair don tseirbhís phoiblí | 16,193 | 16,604 | 16,458 |
| **Iomlán** | **18,372** | **18,266** | **18,095** |

**Míniú ar athrúchán suntasach**
Cuirtear míniú ar fáil thíos i gcás gach fotheideal ina raibh an toradh éagsúil ón suim mheasta de níos mó ná €100,000 agus de níos mó ná 5%.

| Teideal | Níos lú/(níos mó) ná an tsuim €000 | Míniúchán |
|---|---|---|
| 1. | (123) | Is deacair fáltais ó ghníomhaíocht déantúsaíochta a thuar. |
| 4. | 114 | Is deacair fáltais sa chatagóir seo a thuar. |
| 5. | 521 | Tá fáltais ó Chiste na gCuntas Díomhaoin nasctha le caiteachas faoi Fotheideal I agus dá bharr sin is deacair iad a mheas. |

## 5 Líon agus Pá na bhFostaithe

| | 2011 | 2010 |
|---|---|---|
| **Líon foirne** (ar choibhéis lánaimseartha) **ag deireadh na bliana** | 3,489 | 3,521 |

| | €000 | €000 |
|---|---|---|
| Tuarastail agus pá | 142,364 | 143,493 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | 653 | 507 |
| Liúntais eile | 49,680 | 49,556 |
| Liúntais le haghaidh ragoibre agus tinrimh bhreise | 35,415 | 34,950 |
| ÁSPC an Fhostóra | 14,616 | 13,449 |
| **Pá iomlán** | **242,728** | **241,955** |

### 5.1 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | Uasíocaíocht aonair 2011 € | Uasíocaíocht aonair 2010 € |
|---|---|---|---|---|
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | 159 | 7 | 12,565 | 13,566 |
| Liúntais le haghaidh ragoibre agus tinrimh bhreise | 3,357 | 1,913 | 29,870 | 31,479 |
| Liúntais le haghaidh uainobair agus as a bheith ar uainchlár | 3,078 | 517 | 26,205 | 22,603 |
| Ilghnéitheach | 3,514 | 444 | 17,279 | 18,316 |

**Tabhair faoi deara:** Fuair daoine aonair áirithe luach saothair bhreise i níos mó ná catagóir amháin.

### 5.2 Socruithe Eile maidir le Luach Saothair

Ar an iomlán íocadh €51,807 le 11 státseirbhíseach scortha ar fháltas pinsin státseirbhíse, sa réimse ó €212 go €16,891 , a athfhostaíodh ar dhualgais éagsúla i rith na bliana 2011.

In iomlán íocadh €122,400 mar tháillí/chostais le naoi gcomhalta de Bhord Eatraimh an Phríosúin in 2011. Chlúdaigh an íocaíocht seo an tréimhse 1 Iúil 2010 go 30 Meitheamh 2011. Scoireadh den Bhord le héifeacht ó 28ú Iúil, 2011.

## 6 Ilgnéitheach

### 6.1 Daonra na bPríosún

Ba é 4,390 (4,299 in 2010) meánlíon laethúil measta na bpríosúnach sa bhliain 2011.

### 6.2 Cúiteamh agus costais dlí

Rinneadh cúiteamh agus costais dlíthiúla de €817,963 in iomlán agus sa réimse ó €31 go €340,000 maidir le héilimh ag eascairt as gortuithe faighte ag 33 Ball Foirne na bPríosún agus iad ar dualgas agus nithe eile a bhaineann le Foireann na bPríosún.

Íocadh íocaíochtaí cúitimh arb ionann iad agus €999,044 ag eascairt as 77 dámhachtain de chuid an Bhinse Cúitimh i leith Díobhálacha Coiriúla. Bhí na híocaíochtaí sa réimse ó €850 go €75,925 agus bhí bhain siad le héilimh a tháinig chun cinn as díobhálacha a rinneadh d'Fhoireann na bPríosún.

Rinneadh costais chúitimh agus dlí de €817,535 in iomlán agus sa réimse ó €17 go €55,000 maidir le 69 éileamh ag eascairt as díobhálacha a rinneadh do phríosúnaigh agus as gníomhaíochtaí eile lena raibh príosúnaigh bainteach.

Rinneadh cúiteamh agus costais dlíthiúla de €227,445 in iomlán agus sa réimse ó €31 go €80,000 maidir le 20 éileamh ag eascairt as gortuithe do shibhialtaigh.

### 6.3 Costais Adhlactha na bPríosúnach

Rinneadh íocaíochtaí ex gratia de €10,335 in iomlán i dtreo costais sochraide do 7 gciontóir a fuair bás agus iad i bpríosún.

### 6.4 Ciste an Chláir um Chúnamh do Phríosúnaigh

Le linn di a feidhmeanna reachtúla a chur i gcrích, feidhmíonn Seirbhís Phríosúin agus a gníomhairí cuntais bainc áirithe. Tugtar cuntas ar leith maidir leis na cuntais seo agus níl siad mar chuid den Chuntas seo ós rud é nach mbaineann siad le cistí vótáilte.

# Aguisín

**Ráiteas Achoimrithe na gCuntas Déantúsaíochta sna Príosúin don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2011**

| | Talmhaíocht | Tionscail eile | Iomlán 31 Nollaig 2011 | Iomlán 31 Nollaig 2010 |
|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 |
| Stoc idir láimh ag 1 Eanáir 2011 | 7 | 238 | 245 | 337 |
| Ceannacháin | 70 | 656 | 726 | 579 |
| Brabús | 10 | 308 | 318 | 387 |
| | 87 | 1,202 | 1,289 | 1,303 |

| | Talmhaíocht | Tionscail eile | Iomlán 31 Nollaig 2011 | Iomlán 31 Nollaig 2010 |
|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 |
| Díolacháin | 80 | 944 | 1,024 | 1,058 |
| Stoc idir láimh ag 31 Nollaig 2011 [1] | 7 | 258 | 265 | 245 |
| | 87 | 1,202 | 1,289 | 1,303 |

[1] Cuimsíonn an stoc ar láimh ag 31 Nollaig 2011 ábhair agus earraí monaraithe ar luach iomlán de €163,785 agus uirlisí agus trealamh monaraithe ar luach iomlán de €101,172.

| **Réiteach leis an gCuntas Leithreasa** | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|
| Méid dlite maidir le ceannacháin amhail ag 1 Eanáir | 1 | 8 |
| Ceannacháin le linn na bliana dar críoch 31 Nollaig | 726 | 579 |
| | 727 | 587 |
| Méid dlite maidir le ceannacháin amhail ag 31 Nollaig | (12) | (1) |
| Caiteachas ó Fhotheideal D de réir an Chuntais Leithreasa | 715 | 586 |

| | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|
| Méid dlite maidir le díolacháin amhail ag 1 Eanáir | 8 | 9 |
| Díolacháin le linn na bliana dar críoch 31 Nollaig | 1,024 | 1,058 |
| | 1,032 | 1,067 |
| Méid dlite maidir le díolacháin amhail ag 31 Nollaig | (4) | (8) |
| Fáltais faoi Fhotheideal J.1 de réir an Chuntais Leithreasa | 1,028 | 1,059 |

**Brian Purcell**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais
28 Márta 2012